



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Nollaig 2023
(OR. en)

15831/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0429 (NLE)

ECOFIN 1253
UEM 402
FIN 1213

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig
--------	--

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

an ...

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021

maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Ghréig an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 27 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle')¹.
- (2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
- (3) An 31 Lúnasa 2023 chuir an Ghréig plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.
- (4) Cuireann an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe san áireamh freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh maidir le leasú a dhéanamh ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla go páirteach. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ghréig isteach, baineann siad le 69 mbeart.
- (5) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin iarraidh ar thacaíocht iasachta i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

¹ Féach doiciméid ST 10152 2021 agus ST 10152 2021ADD 1 ag <http://register.consilium.europa.eu>.

- (6) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Gréige i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Mhol an Chomhairle go leanfadh an Ghréig, *inter alia*, ag tógáil ar athchóirithe a rinneadh mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear feabhas a chur ar sholáimhsitheacht infheistíochta an chórais chánachais, an bonn cánach a mhéadú, comhlíonadh cánach a neartú agus neamhspleáchas oibríochtúil an údaráis cánach a chaomhnú. Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle ar an nGréig éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a chosaint, leanúint leis an laghdú leanúnach ar iasachtaí neamhthuillmheacha, rochtain leordhóthanach agus chomhionann ar chúram sláinte a áirithiú agus an t-athchóiriú cadastair a thabhairt chun críche. Mhol an Chomhairle freisin go ndéanfadh an Ghréig a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus tuilleadh dlúis a chur le héagsúlú na mbealaí soláthair fuinnimh, úsáid an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú, an líonra leictreachais agus an acmhainneacht stórála a mhéadú, dlús a chur le soláthar na mbeart lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear bearta spriodhírithe do theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh, tacú le dícharbónú na hearnála iompair, go háirithe trí fheithiclí leictreacha a chur chun cinn, agus dlús a chur le hiarrachtaí beartais a dhírítear ar scileanna agus inniúlachtaí a theastaíonn don aistriú glas a sholáthar agus a shealbhú.
- (7) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an t-achomre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Iarraidh ar iasacht bunaithe ar Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/241

- (8) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Ghréig isteach iarraidh ar iasachtaí chun tacú le bealach dáileacháin beart 16980 na n-institiúidí airgeadais (Saoráid Iasachta na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta). Baineann sé sin le dhá sprioc nua (325a agus 326a) agus garsprioc nua amháin (328a) a thabhairt isteach, agus le spriocanna 326, 327 agus 328 a mhodhnú.

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241

- (9) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Ghréig isteach tugtar dhá bheart cothrom le dáta chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Ghréig nárbh fhéidir na bearta uile atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh a mhaoiniú a thuilleadh, toisc gur laghdaíodh an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 17 769 942 602¹ go dtí EUR 17 426 708 153¹. Mhínigh an Ghréig gur cheart bearta áirithe a bhaint nó a laghdú i raon feidhme de bharr an laghdaithe ar an leithdháileadh.

¹ Comhfhreagraíonn an méid seo don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Gréige de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

- (10) Níl bearta áirithe faoi chomhpháirteanna 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil), 2.1 (Ceangail), 2.2 (Nuachóirigh), 4.3 (Feabhsaigh éifeachtúlacht an chórais cheartais) agus 4.6 (Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a thuilleadh. Baineann na bearta sin le beart 16962 (Cábalaí snáithíní fomhuirí) maidir le húsáid cáblaí snáithíní fomhuirí lena nasctar mórtáir na Gréige lena hoileáin agus leis an gCipir; beart 16287 (leanúnachas gnó na hearnála poiblí) maidir le dearadh agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí chun leanúnachas gnó a áirithiú ar fud an riaracháin phoiblí; beart 16723 (Forbairt scileanna do ghairmithe cruthaitheacha agus cultúrtha); beart 16970 (Mórbhealaí don Dúlra agus don Chultúr) maidir le bonneagar fisiciúil agus digiteach séadchomharthaí agus bealaí a bhfuil spéis nádúrtha agus chultúrtha ar leith ag baint leo a uasghrádú, beart 16950 (Dolaí Leictreonacha) maidir le córas dolaí leictreonacha a fhorbairt sa Ghréig, agus beart 16592 (Éascú trádála) maidir le nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú do chuideachtaí atá ag feidhmiú sa Ghréig chun trádáil a éascú. Dá bhrí sin ba cheart an tuairisc ar na bearta sin agus na garspriocanna agus na spriocanna gaolmhara ó Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021.

- (11) Ina theannta sin, leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Ghréig isteach, athraítear bearta 16934 (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú) faoi chomhpháirt 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna); beart 16685 (Feasacht ar an éagsúlacht) faoi chomhpháirt 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); agus beart 16727 (Aistriú Digiteach an Cheartais (Ríomhcheartas)) faoi chomhpháirt 4.3 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais cheartais) chun teacht leis an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe. Go sonrach, garsprioc 152 de bheart 16934 (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint a Uasghrádú) faoi chomhpháirt 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna); garsprioc 184 de bheart 16685 (Feasacht ar an éagsúlacht) faoi chomhpháirt 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); agus garspriocanna 229 agus 239 de bheart 16727 (Aistriú Digiteach an Cheartais (Ríomhcheartas)) faoi chomhpháirt 4.3 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais cheartais), athraítear iad chun laghdú a dhéanamh ar leibhéal an chur chun feidhme is gá i gcomparáid leis an bplean bunaidh chun teacht leis an leithdháileadh laghdaithe. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

- (12) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ghréig isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 60 beart.

- (13) Mhínigh an Ghréig go leasaítear naoi mbeart mar gheall ar chonstaicí, moilleanna gan choinne a bhaineann le soláthar agus aistriú ceart maoine. Baineann sé sin le garsprioc 39 de bheart 16932 (Ionad Lúthchleasaíocht Oilimpeach na hAithne) faoi chomhpháirt 1.2 (Athchóiriú); sprioc 80 de bheart 16283 (Cur Chun Feidhme Lárionad Réigiúnach um Chosaint Shibhialta (PEKEPP) trí scéimeanna CPP) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); garsprioc 182 de bheart 16925 (Aistriú Digiteach an chórais tacaíochta sóisialta) faoi chomhpháirt 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); garsprioc 212 de bheart 16702 (Creat AML/CFT a fheabhsú), agus beart 16711 (Proifisiúnú an réimse Soláthair Phoiblí) faoi chomhpháirt 4.2 (Nuachóirigh an riarachán poiblí, lena n-áirítear trí chur chun feidhme infheistíochtaí poiblí a luathú, feabhas a chur ar an gcreat soláthair poiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus éilliú a chomhrac); garspriocanna 247 agus 249 de bheart 16624 (Cruthú - leathnú - uasghrádú ar bhonneagair na n-ionad taighde faoi mhaoirseacht na hArdrúnaíochta um Thaighde agus Nuálaíocht (GSRI)) faoi chomhpháirt 4.5 (Taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn); garspriocanna 255 agus 256 de bheart 16628 (Mórbhealach na Gréige Láir E-65: Trikala - Rannóg Egnatia), sprioc 261 agus garsprioc 262 de bheart 16630 (Mórbhealach Thuaisceart Cretan (B.M.A.K.), garsprioc 306 de bheart 16599 (Digiú an Líonra Taidhleoireachta Eacnamaíche) go léir faoi chomhpháirt 4.6 (Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig raon feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna thuasluaite a leasú nó a n-amlíne cur chun feidhme a shíneadh. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (14) Mhínigh an Ghréig nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne ná ar leibhéal na gcostas a mheastar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i ngeall ar bhoilsciú ard, go háirithe i ngeall ar chostais tógála. Baineann sé sin le garsprioc 186 de bheart 16922 (Lánpháirtíocht Shóisialta) faoi chomhpháirt 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go gcuirfí síneadh le hamlíne cur chun feidhme na garsprice réamhluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (15) Mhínigh an Ghréig go leasaítear 15 bheart toisc go raibh moill ar an gcur chun feidhme mar thoradh ar dhúshláin gan choinne a bhain go sonrach le bearta, amhail dúshláin atá níos casta ná na ceanglais dhlíthiúla agus theicniúla a bhí beartaithe ar dtús. Baineann sé sin le garsprioc 59 de bheart 16772 (An dlí um bainistiú dramhaíola chun líonadh talún agus athchúrsáil inbhuanaithe a chur chun feidhme) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); garsprioc 136 de bheart 16750 (Aistriú Digiteach Córas Saothair) faoi chomhpháirt 3.1 (Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn); garsprioc 144 de bheart 16747 (Beartais Ghníomhacha an Mhargaidh Saothair) faoi chomhpháirt 3.1 (Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn); garsprioc 161 de bheart 16755-(Athchóiriú ar Chóras an Chúraim Sláinte Phríomhúil) faoi chomhpháirt 3.3 (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú); garsprioc 175 de bheart 16726 (Sochair Shóisialta a Bharrfheabhsú) faoi chomhpháirt 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); garspriocanna 176 agus 179 de bheart 16904 (Míchumas); garsprioc 241 de bheart 16580 (Cur chun feidhme an chreata nua dócmhainneachta aontaithe d'athstruchtúrú fiachais agus an 2ú seans) faoi chomhpháirt 4.4 (An earnáil airgeadais agus margaí caipitil a neartú); garsprioc 269 de bheart 16833 (Oibreacha ceartaithe comhlíontachta EASA a chur chun feidhme) faoi chomhpháirt 4.6 (Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú); garsprioc 280 de bheart 16293 (Cultúr mar spreagthach fáis) faoi chomhpháirt 4.6 (Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú); garspriocanna 293 agus 298 de bheart 16975 (Idirghabhálacha Uasghrádaithe do Chalafóirt Réigiúnacha) faoi chomhpháirt 4.6 (Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú); garsprioc 295 de bheart 16931 (Forbairt na Turasóireachta) faoi chomhpháirt 4.6 (Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú); garsprioc 296 de bheart 16921 (Athsciliú agus Uas-sciliú sa Turasóireacht) faoi chomhpháirt 4.6 (Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú); garsprioc 304 de bheart 16634 (Páirceanna Tionsclaíocha Nua) faoi chomhpháirt 4.6 (Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú); garsprioc 317 de bheart 16543 (Gníomhaíochtaí chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus chun cáilíocht agus sábháilteacht a uasghrádú) faoi chomhpháirt 4.7 (Iomaíochas a fheabhsú agus infheistíochtaí príobháideacha agus onnmhairí a chur chun cinn). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna thuasluaite. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (16) Mhínigh an Ghréig go ndearnadh 17 mbeart a leasú nó a tharraingt siar toisc go raibh gá le cur chuige malartach chun cuspóir an bhirt a bhaint amach, rud a d'fhág go raibh gá leis an mbeart a oiriúnú chun cuspóirí comhchosúla a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí. Baineann sé sin le beart 16831 (Táirg Glas) faoi chomhpháirt 1.3 (Athshlánú agus athbhreoslú); garspriocanna 66, 71 agus 74 de bheart 16850 (Bonneagair um Sholáthar agus um Shábháil Uisce Óil) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); beart 16882 (Tionscadail um maolú tuilte) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); beart 16898 (Tionscadail Soláthair Uisce) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); garspriocanna 312 agus 316 de bheart 16285 (Infheistíochtaí sa líonra náisiúnta uisciúcháin trí scéimeanna CPP) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil); garsprioc 88 agus sprioc 91 de bheart 16834 (Conairí 5G – Líonraí 5G a fhorbairt lena soláthrófar cumhdach ar mhótarbhealaí uile na Gréige atá ina gcuid de na Gréasáin Thras-Eorpacha Iompair) faoi chomhpháirt 2.1 (Ceangail); garsprioc 334 de bheart 16857 (Aistriú go naisc leathanbhanda tapa – Aistriú go naisc leathanbhanda 100/200 Mbps (Ultrathapa) agus neartú ar an éileamh ar Leathanbhanda Sárлуais) faoi chomhpháirt 2.1 (Ceangail); garsprioc 242 de bheart 16576 (Bunú na Faireachlainne Forbartha Creidmheasa) faoi chomhpháirt 4.4 (An earnáil airgeadais agus na margaí caipitil a neartú); garspriocanna 167 agus 168 de bheart 16752 (Aistriú Digiteach na Sláinte (DigHealth)) faoi chomhpháirt 3.3 (Feabhas a chur ar athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte); garsprioc 185 de bheart 16763 (Digitiú an Chórais Imirce agus Tearmainn) faoi chomhpháirt 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú);

garspriocanna 192 agus 194 de bheart 16611 (Aistriú digiteach na hiniúcháireachta cánach) faoi chomhpháirt 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus feabhas a chur ar riarachán cánach agus ar bhailiú cánach); garsprioc 208 de bheart 16972 (Riarachán poiblí a leasú) faoi chomhpháirt 4.2 (An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí chur chun feidhme infheistíochtaí poiblí a luathú, feabhas a chur ar an gcreat soláthair phoiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus éilliú a chomhrac); garspriocanna 228 agus 235 de bheart 16733 (Scileanna agus Scileanna Digiteacha do Bhreithiúna agus d'Fhostaithe Breithiúnacha), faoi chomhpháirt 4.3 (Éifeachtúlacht an chórais cheartais a fheabhsú); garsprioc 248 de bheart 16654 (TH²ORAX: Córas Eiseamláireach Uathrialach Stóinsithe Eagraíochtúil Iomlánaíoch & Hibrideach Trellis) faoi chomhpháirt 4.5 (Taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn); garsprioc 268 de bheart 16982 (Athchóiriú eagraíochtúil san earnáil iarnróid) faoi chomhpháirt 4.6 (Nuachóirigh agus feabhsaigh athléimneacht na bpríomh-earnálacha eacnamaíocha); garsprioc 285 de bheart 16725 (Uasghrádú ar an ardoideachas ealaíon) faoi chomhpháirt 4.6 (Nuachóirigh agus feabhsaigh athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha); beart 16954 (Idirghabhálacha chun córas agus bonneagar gréasán iarnróid na Gréige a uasghrádú agus a ath-imlonnú) faoi chomhpháirt 4.6 (Nuachóirigh agus feabhsaigh athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig raon feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna thuasluaite a leasú nó a tharraingt siar nó an amlíne cur chun feidhme a shíneadh. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (17) Mhínigh an Ghréig nach féidir cuid de bheart amháin atá ann cheana a bhaint amach a thuilleadh, i ngeall ar iarmhairtí gan choinne na géarchéime fuinnimh a tharla mar gheall ar chogadh foghach na Rúise san Úcráin. Baineann sé sin le sprioc 15 de bheart 16871 (Gníomhaíochtaí athbheochana na gcóir is mó a ndéantar difear dóibh (Críocha um aistriú cóir)) faoi chomhpháirt 1.1 (Cumhachtú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig go ndéanfaí an sprioc thuasluaite a leasú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (18) Mhínigh an Ghréig nach féidir 10 mbeart a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar shuaitheadh an tslabhra éilimh agus soláthair níos b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Baineann sé sin, faoi seach, le garsprioc 34 agus sprioc 35 de bheart 16876 (Uasghrádú fuinnimh ar fhoirgnimh na hearnála poiblí) faoi chomhpháirt 1.2 (Athchóiriú); garspriocanna 49, 52 agus 55 de bheart 16924 (Leictrea-shoghluaisteacht) faoi chomhpháirt 1.3 (Athluchtú agus athbhreoslú); garsprioc 110 de bheart 16780 (Ionaid Ilfhreastail an Riaracháin Phoiblí a Nuachóiriú Tuilleadh) faoi chomhpháirt 2.2 (Nuachóiriú); garsprioc 131 de bheart 16706 (Aistriú digiteach FBManna) faoi chomhpháirt 2.3 (Digiú gnólachtaí); garsprioc 150 de bheart 16289 (Straitéis Barr Feabhais in Ollscoileanna & Nuálaíocht) faoi chomhpháirt 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna); garspriocanna 177 agus 178 de bheart 16919 (Cosaint leanaí) faoi chomhpháirt 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); garsprioc 181 de bheart 16945 (Aonaid cúraim leanaí a chruthú laistigh de chuideachtaí móra); garsprioc 187 de bheart 16688 (Imeascadh an phobail dídeanaithe sa mhargadh saothair a chur chun cinn) faoi chomhpháirt 3.4 (Rochtain ar bheartais shóisialta éifeachtacha agus chuimsitheacha a mhéadú); garsprioc 189 de bheart 16614 (Cláir airgid thirim ar líne agus POS) faoi chomhpháirt 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus riarachán cánach agus bailiú cánach a fheabhsú); sprioc 330 de bheart 16980 (Saoráid Iasachta Plean Téarnaimh agus Athléimneachta) faoi chomhpháirt 4.7 (Feabhas a chur ar iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghréig raon feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna thuasluaite a leasú agus/nó a laghdú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

- (19) D'iarr an Ghréig freisin go mbainfí úsáid as na hacmhainní atá fágtha, acmhainní arna gcur ar fáil trí bhearta a bhaint faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 chun ceithre bheart nua a chur san áireamh. Baineann sé sin le hinfheistíochtaí lena bhfeabhsaítear cosc seismeach agus lena méadaítear athléimneacht an bhonneagair i ndáil le tubaistí nádúrtha, i ngarsprioc 332 de bheart 16983 (Réamhchigireacht ar fhriotaíocht sheismeach foirgneamh) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe acmhainní, athléimneacht aeráide agus cosaint an chomhshaoil); bearta cosanta dóiteáin, bearta athchóirithe, bearta i gcoinne tuilte agus bearta i gcoinne creimthe arna gceapadh i ngarsprioc 61, 62 agus 63 de Bheart 16849 (An Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe, bearta athchóirithe agus bearta cosanta ('antiNERO'), bearta i gcoinne creimthe agus bearta i coinne tuilte) i gcomhpháirt 1.4; tacú le hathchóiriú gréasán iarnróid agus bóithre sna limistéir a bhuail stoirm 'Daniel', i ngarspriocanna 347, 348, 349 agus 350 de bheart 16999 (Athchóiriú Inrochtaineachta i ndiaidh éifeachtaí uafásacha stoirm 'Daniel') agus Céim II don infheistíocht i ndroichid chliste, i ngarsprioc 272a de bheart 16949 (Droichid Chliste) faoi chomhpháirt 4.6 (Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir.

- (20) D'iarr an Ghréig athchóirithe nua a chur san áireamh faoi cheithre bheart. Go háirithe, dirítear na hathchóirithe nua ar aghaidh a thabhairt ar ghanntanas na ndochtúirí pearsanta chun feabhas a chur ar rolladh amach iomlán athchóiriú an chúraim phríomhúil sláinte, i ngarspriocanna 335 agus 336 de bheart 16984 (Athchóiriú Dochtúirí Pearsanta) faoi chomhpháirt 3.3 (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú); feabhas a chur ar ioncam agus dreasachtaí cánach trí íocaíochtaí leictreonacha a chur chun cinn agus struchtúr na gcánacha ar dhaoine féinfhostaithe a fheabhsú, i ngarspriocanna 337, 338, 339 agus 340 de bheart 16985 (Modhnuithe ar chreat bheartas cánach na Gréige) faoi chomhpháirt 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus riarachán cánach agus bailiú cánach a fheabhsú); agus athchóiriú an chadastair náisiúnta a chur i gcrích le tabhairt chun críche na mapála cadastráil agus an t-aistriú iomlán chuig struchtúr eagraíochtúil nua an Chadastair Heilléanaigh, i ngarsprioc 341, 342, 343, 344 agus 345 de bheart 16986 (An cadastar náisiúnta a thabhairt chun críche) faoi chomhpháirt 4.2 (An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí chur chun feidhme infheistíochtaí poiblí a luathú, an creat soláthair phoiblí a fheabhsú, bearta fothaithe acmhainneachta agus éilliú a chomhrac). Ina theannta sin, leathnaigh an Ghréig raon feidhme na n-athchóirithe earnála airgeadais atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta cheana féin lena dtugtar aghaidh ar an bpróiseas forfheidhmithe fiachais agus ar mhargadh tánaisteach na n-iasachtaí neamhthuillmheacha, i ngarspriocanna 244a, 244b, 244c de bheart 16957 (Acmhainneacht an chórais airgeadais a neartú chun dúshláin oidhreachta a shárú agus an fíorgheilleagar a mhaoiniú) faoi chomhpháirt 4.4. (An earnáil airgeadais agus na margaí caipitil a neartú). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle a leasú dá réir.

- (21) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an nGréig, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

- (22) Sainithníodh 54 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do 40 garsprioc/sprioc agus do 41 bheart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 27 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ghréig. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an méid seo a leanas:
- an tuairisc ar bheart 16879 (Pleananna Uirbeacha a ullmhú agus athchóiriú an bheartais uirbigh á chur chun feidhme), tuairisc ar bheart 16891 (Pleanáil spásúil mhuirí nua a bhunú), spriocanna 23, 24, 25 agus 26 de bheart 16872 (Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe), agus garsprioc 38 de bheart 16873 (Idirghabhálacha i limistéir chónaithe agus sa stoc foirgníochta) faoi chomhpháirt 1.2 (Athchóiriú);
 - an garsprioc 83 agus tuairisc ar bheart 16912 (Trealamh comhraicthe dóiteáin, coiscthe agus freagartha foraoise), garsprioc 64 agus tuairisc ar bheart 16851 (Cosaint na bithéagsúlachta mar spreagthach don fhás inbhuanaithe), agus garspriocanna 68, 72, agus 73 de bheart 16846 (Bonneagair Bainistíochta Fuíolluisce Uirbigh agus Sloda ó Chóireáil Fuíolluisce) faoi chomhpháirt 1.4 (Úsáid inbhuanaithe as acmhainní, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil);

- an garsprioc 333 de bheart 16844 (Aistriú go teicneolaíocht 5G, forbairt cianseirbhíse nuálaí a éascú) faoi chomhpháirt 2.1 (Ceangail);
- an tuairisc ar bheart 16810 (CRM don Rialtas Ginearálta), garsprioc 99 agus tuairisc ar bheart 16929 (I dTreo seirbhísí a dhírítear ar ‘an gcustaiméir’ de chuid Riarachán Poiblí trí phróisis a shimpliú agus a fheabhsú, feabhsuithe ar chórais agus comhlíonadh straitéisí agus beartas Eorpach), garsprioc 113 de bheart 16738 (Lárchóras Bainistíochta Doiciméad), tuairisc ar bheart 16826 (Cláir uasghrádaithe scileanna digiteacha do choinscríbhinní), tuairisc ar bheart 16791 (Aistriú Digiteach Eagraíocht Náisiúnta Turasóireachta na Gréige), garsprioc 116 de bheart 16964 (Ionad Idir-inoibritheachta den Chéad Ghlúin Eile (KED)), garsprioc 117 de bheart 16785 (Clárlann na Turasóireachta e-MHTE), tuairisc ar bheart 16854 (Cathracha cliste), agus garsprioc 95a de bheart 16778 (Digitiú cartlann agus seirbhísí gaolmhara) faoi chomhpháirt 2.2 (Nuachóirigh);
- an tuairisc ar bheart agus garspriocanna 141 agus 141b de bheart 16941 (Athstruchtúrú agus athbhrandáil PES áitiúil DYPA (KPA2)), tuairisc ar bheart agus garsprioc 142a de bheart 16746 (Athchóiriú ar Bheartais Éighníomhacha an Mhargaidh Saothair chun Tacú le hAistriú chuig an bhFostaíocht), agus garsprioc 135a de bheart 16942 (Aistriú digiteach na seirbhíse fostaíochta poiblí (OAED)) faoi chomhpháirt 3.1 (Cruthú post agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn);

- garspriocanna 145, 145a agus 145b de bheart 16794 (An Córas Printíseachta a Neartú), garsprioc 146 agus tuairisc ar bheart 16792 (Sciliú, athsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair trí shamhail oiliúna athchóirithe (Athchóiriú ar an nGairmoideachas agus ar an nGairmoiliúint)), agus garspriocanna 148a agus 148b de bheart 16676 (Aistriú digiteach an Oideachais) faoi chomhpháirt 3.2 (Oideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus scileanna);
- an tuairisc ar bheart 16783 (Cur chun feidhme an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Shláinte Phoiblí ‘Spiros Doxiadis’ (NPP ‘SD’), garsprioc 156 de bheart 16816 (Athchóirithe agus luasghéarú infheistíochtaí san Earnáil Cúraim Sláinte - Laghdú aisghlámtha agus cuíchóiriú ar chaiteachas an chúraim sláinte), garsprioc 169 de bheart 16753 (Bunú na gcóras um Chúram Sláinte agus Ospidéal sa Bhaile), agus teideal Ghrúpa 14 faoi chomhpháirt 3.3 (Athléimneacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte a fheabhsú);
- an tuairisc ar bheart agus garspriocanna 203 agus 204 de bheart 16643 (An reachtaíocht chánach a chódú agus a shimpliú), garspriocanna 195 agus 196 de bheart 16291 (Aistriú Digiteach an Riaracháin Cánach agus Custaim) faoi chomhpháirt 4.1 (Cánacha a dhéanamh níos fabhraí don fhás agus riarachán cánach agus bailiú cánach a fheabhsú);

- an garsprioc 213 agus tuairisc ar bheart 16703 (Trádáil neamhdhleathach a chomhrac agus maoin intleachtúil a chosaint) faoi chomhpháirt 4.2 (An riarachán poiblí a nuachóiriú, lena n-áirítear trí chur chun feidhme infheistíochtaí poiblí a luathú, feabhas a chur ar an gcreat soláthair poiblí, bearta fothaithe acmhainneachta agus éilliú a chomhrac);
- an garsprioc 238 agus tuairisc ar bheart 16575 (Dlús a chur le riar an cheartais) faoi chomhpháirt 4.3 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais ceartais);
- an garsprioc 243 de bheart 16581 (Maoirseacht agus iontaofacht fheabhsaithe maidir leis an margadh caipitil) faoi chomhpháirt 4.4 (An earnáil airgeadais agus na margai caipitil a neartú);
- -an garsprioc 250 agus tuairisc ar bheart 16618 (Taighde Bunúsach agus Feidhmeach), garsprioc 252 de bheart 16971 (Déan Taighde – Cruthaigh – Nuálaigh), garsprioc 346 de bheart 16622 (FÍS 2020 ‘Séala Barr Feabhais’: na príomhchuideachtaí nuálacha a mhaoiniú), agus tuairisc ar bheart 16621 (Eisdíritheacht Éiceachóras Taighde agus Nuálaíochta na Gréige), faoi chomhpháirt 4.5 (Taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn);

- an garsprioc 258 de bheart 16631 (Uasghrádú sábháilteachta ar bhóithre), tuairisc ar bheart 16626 (Aistriú eacnamaíoch ar an Earnáil Talmhaíochta), garsprioc 289 de bheart 16735 (Úsáid a bhaint as ‘na healaíona ar oideas’, comhtháthú sóisialta a chur chun cinn, agus leas a bhaint as an ngeilleagar airgid), tuairisc ar bheart 16593 (Leasú ar an gcreat dlíthiúil chun infheistíocht straitéiseach a mhealladh), agus tuairisc bhirt ar bheart 16944 (Máistirphlean chun flít loingseoireachta paisinéirí na Gréige a athnuachan) faoi chomhpháirt 4.6 (Athléimneacht na bpríomhearnálacha eacnamaíocha a nuachóiriú agus a fheabhsú); agus
- an garsprioc 318 de bheart 16591 (A éasca atá sé gnó a dhéanamh) faoi chomhpháirt 4.7 (Feabhas a chur ar an iomaíochas agus infheistíochtaí agus onnmhairí príobháideacha a chur chun cinn).

Ní dhéantar difear leis na ceartúcháin sin do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241

- (23) Sa chaibidil REPowerEU áirítear seacht n-athchóiriú nua agus ceithre infheistíocht nua. Baineann ceann de na hinfeistíochtaí sin le dhá fho-infeistíocht uas-scálaithe (maidir le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh), ach tá infheistíocht eile á méadú (maidir le stóráil fuinnimh).

- (24) Tá sraith athchóirithe sa chaibidil chun dícharbónú, fuinneamh in-athnuaite agus gáis in-athnuaite a chothú: (a) athchóiriú maidir le creat reachtach a thabhairt isteach chun táirgeadh, stóráil, iompar agus úsáid hidrigine in-athnuaite agus bithmheatáin a cheadú agus a éascú, (b) athchóiriú maidir leis an gcreat oibríochtúil agus margaidh le haghaidh teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin a bhunú chun dícharbónú tionscail a chothú sa Ghréig; (c) athchóiriú maidir le húsáid talún agus spás farraige a bharrfheabhsú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt, chomh maith leis an gcreat reachtach a chur chun cinn tuilleadh chun feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a shuiteáil, (d) athchóiriú chun acmhainn eangach agus stórála a mhéadú trí aghaidh a thabhairt ar chobhsaíocht agus ar bhacainní eangach, athléimneacht a chruthú i gcoinne praghsanna arda leictreachais, solúbthacht an chórais a mhéadú agus comhtháthú na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a chothú, (e) athchóiriú an chreata rialála le haghaidh eangacha cliste sa Ghréig chun dlús a chur le cur chun feidhme teicneolaíochtaí cliste agus digiteacha sa líonra dáileacháin, agus freagairt ar thaobh an éilimh a chothú don tomhaltóir deiridh, (f) athchóiriú arb é is aidhm dó comhroinnt fuinnimh a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin úsáid na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a spreagadh trí ghiniúint dhíláráithe a cheadú agus comhroinnt i measc córais iomadúla fuinnimh in-athnuaite ar mhionscála, agus, mar sin, feabhas a chur ar fhéintomhaltas agus ar phobail fuinnimh in-athnuaite; agus (g) athchóiriú lena dtugtar isteach treochlár le haghaidh idirghabhálacha nuálacha éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais neamh-dheontais nua a shainaithint agus a sheoladh.

- (25) Ina theannta sin, cuimsítear sa chaibidil infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus i gcur chun cinn foinsí in-athnuaite fuinnimh le haghaidh uath-ídiú lena n-áirítear cúig fhochlár éagsúla, iontu seo a leanas go sonrach (a) athchóiriú fuinnimh foirgneamh cónaithe trí fhóirdheontais a sholáthar (infheistíocht mhéadaithe); (b) athchóiriú fuinnimh na bhfoirgneamh poiblí agus príobháideach neamhchónaithe trí fhóirdheontais agus iasachtaí úis ísil a sholáthar (infheistíocht mhéadaithe); (c) méadú na gcóras fótavoltach le haghaidh uath-ídiú i bhfoirgnimh chónaithe agus san earnáil talmhaíochta trí fhóirdheontais a sholáthar; (d) foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn i bhfoirgnimh chónaitheacha trí shuiteáil córas nua in-athnuaite a mhaoiniú chun uisce te a tháirgeadh; agus (e) feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfóntais chathrach uisce agus séarachais trí threalamh leictrea-mheicniúil nua agus níos éifeachtúla a chur in ionad an trealamh leictrea-mheicniúil atá sna toibreacha cheana. Is é is aidhm d’infheistíocht eile suiteáil na gcóras stórála fuinnimh le haghaidh dul i bhfód breise ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú agus is méadú é ar bheart reatha (16926) faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Gréige. Ar deireadh, cuirfear sraith treoirthionscadal i bhfeidhm le haghaidh táirgeadh bithmheatáin agus hidrigine in-athnuaite agus cur chun cinn teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin (CCS) i dtionscail ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú chun dícharbónú tionscail a chothú.

- (26) Cuimsítear i gcaibidil REPowerEU gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh cuidiú le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh. Go sonrach, táthar ag súil go mbunófar leis an athchóiriú ar chomhroinnt fuinnimh sraith uirlisí beartais chun pobail uath-ídithe choitinne, comhroinnte fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, a bhfuiltear ag súil go mbeidh costais fuinnimh níos ísle ar theaghlaigh fhuinneamhbhocta mar thoradh orthu. Ina theannta sin, is é is aidhm don athchóiriú ar idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh, *inter alia*, cur chuige spriocdhíritha a bhunú (lena n-áirítear cláir bheartais a dhearadh) le haghaidh coigilteas fuinnimh níos mó do theaghlaigh fhuinneamhbhocta agus do ghrúpaí sóisialta leochaileacha. Ina theannta sin, díríonn an infheistíocht in athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh go sonrach ar theaghlaigh ísealioncaim, mar a bhí leis an mbeart comhchosúil a bhí ina chuid den phlean bunaidh.
- (27) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

- (28) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, léirítear go mór (rátaíl A) sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

- (29) Tá tionchar agus feabhas ábhartha ag modhnú an phlean mar aon le caibidil REPowerEU ar an measúnú ar rannchuidiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta leis an aistriú glas (an chéad cholún). Leis na bearta lena gcuimsítear caibidil REPowerEU, pléitear go mór cuspóirí an Phlean REPowerEU, is é sin fuinneamh a shábháil, fuinneamh glan a tháirgeadh agus soláthar fuinnimh a éagsúlú agus táthar ag súil go gcuirfidh siad leis an aistriú glas agus le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Maidir leis na colúin eile, níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an measúnú foriomlán a rinneadh roimhe seo.
- (30) Cé go laghdaítear le tarraingt siar na mbeart a bhaineann le forbairt Cáblaí Snáithín Fomhuirí agus líonraí 5G rannchuidiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta leis an aistriú digiteach (an dara colún), tá rannchuidiú an phacáiste leis an gcolún fós suntasach. Táthar ag súil go leanfar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe le sláinte agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach na tíre a neartú (an cúigiú colún). Maidir leis an gcéad cholún, áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán ghlasa, is é sin bearta i gcoinne creimthe agus tuilte a tugadh chun cinn i ndiaidh na dtubaistí nádúrtha in 2023. Leis an méadú suntasach ar raon feidhme Shaoráid Iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go dtacófar le hinfheistíocht phríobháideach a bhaineann go príomha leis an gcéad dá cholún, is é sin an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, ach meastar go rannchuideoidh sé freisin le méadú a dhéanamh ar acmhainneacht onnmhairiúcháin, ar bhairinneachtaí scála, agus ar thaighde agus nuálaíocht.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhoshraith shuntasach de na dúshláin a shainithnítear sna moltaí tírshonracha

- (31) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241, critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V, a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an nGréig, lena n-áirítear gnéithe foscacha díobh, agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, nó dúshlán arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.
- (32) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. Ós rud é gur méadaíodh méid an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe i ndiaidh iarraidh bhreise ar iasacht a bhfuil sé beartaithe í a úsáid go heisiach le haghaidh cuspóirí REPower, déantar moltaí struchtúracha uile 2022 agus 2023 a mheas sa mheasúnú foriomlán.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

- (33) I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha uile mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2023, measann an Coimisiún go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an moladh i ndáil le hathchóirithe gan íoc a rinneadh faoi fhaireachas feabhsaithe a chur i gcrích (Moladh 2.3 2022). Go sonrach, mar a tuairiscíodh sa chéad tuarascáil faireachais iarchláir a ghlac an Coimisiún an 22 Samhain 2022, measadh go chuir an Ghréig chun feidhme, ar fud réimsí éagsúla, na gealltanais shonracha athchóirithe ar comhaontaíodh idir na hinstiúidí Eorpacha agus údarais na Gréige go mbeidh siad críochnaithe faoi mhí na Samhna 2022. Áiríodh leis sin dul chun cinn le léarscáiliú cadastrail, ag aithint go raibh gá le tuilleadh iarrachta fós chun í a chríochnú. Ina theannta sin, tá dul chun cinn suntasach déanta freisin maidir le méadú a dhéanamh ar an infheistíocht phoiblí don aistriú glas agus don aistriú digiteach (Moladh CSR 1.2 ó 2022) agus maidir le tabhairt faoi bheartas fioscach arb é is aidhm dó suíomhanna fioscacha stuama meántéarmacha a bhaint amach agus laghdú inchreidte agus de réir a chéile fiachais agus inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántearma (Moladh CSR 1.3 ó 2022).
- (34) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhoshraith shuntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an nGréig i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe maidir le beartas cánach agus riarachán cánach, riarachán poiblí agus earnáil airgeadais (Moltaí 1.6 go 1.10 ó 2023 agus Moltaí 1.4 go 1.6 ó 2022), maidir le hearnáil na sláinte agus maidir leis an gcadastar (Moltaí 3.1 go 3.2 ó 2023, agus Moltaí 2.3 agus 3 ó 2022), agus maidir leis an earnáil fuinnimh (Moltaí 4.1 go 4.6 ó 2023)

- (35) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe athchóiriú nua ar bheartas cánach agus tá sé socraithe chun na bearta a bhaineann leis an earnáil airgeadais a neartú. Faoi chomhpháirt 4.6, tá beart athchóirithe nua curtha san áireamh ag an nGréig arb é is aidhm dó feabhas a chur ar thrédhearcacht a creata cánach agus ar úsáid bhreise a bhaint as íocaíochtaí leictreonacha chun imghabháil cánach a chomhrac. Áirítear le gníomhaíochtaí sonracha forálacha dlíthiúla chun feabhas a chur ar an struchtúr an chánachais féinfhostaíochta, cáin dhigiteach níos simplí a chur in ionad na dleachta stampa, agus méadú mór ar ghlacadh éigeantach na n-íocaíochtaí díreacha leictreonacha sa mhargadh miondíola. Táthar ag súil go gcuirfidh an beart athchóirithe nua sin le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadas poiblí na Gréige. Faoi chomhpháirt 4.4, leathnaigh an Ghréig raon feidhme na n-athchóirithe earnála airgeadais atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta cheana féin lena dtugtar aghaidh ar an bpróiseas forfheidhmithe fiachais agus ar mhargadh tánaisteach NPL. Táthar ag súil go gcuirfidh na bearta nua agus neartaithe sin leis na fochodanna gaolmhara a chomhlíonadh faoi Mholtaí 1.6, 1.7, 1.8 agus 1.10 ó 2023 agus Moladh 1.5 ó 2022.
- (36) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin an t-athchóiriú cadastair agus na bearta cúraim sláinte nua a chur i gcrích. Le cur i gcrích an chadastair náisiúnta (cuid de chomhpháirt 4.2), tionscadal seanbhunaithe, táthar ag súil go gcuirfear tuilleadh feabhais ar thimpeallacht ghnó na Gréige trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus trí dheimhneacht dhlíthiúil a neartú. Go sonrach, gníomhaíochtaí chun léarscáiliú cadastrach a chur i gcrích agus an t-aistriú chuig an ‘nGníomhaireacht Cadastair Heilléanaigh’ nua, is rudaí iad sin a mheastar a bheith ina gcuidiú i dtaobh aghaidh a thabhairt ar mholadh 3.2 ó 2023 agus moladh 2.3 ó 2022. Mhol an Ghréig freisin go ndéanfaí athchóiriú nua maidir le dochtúirí pearsanta (cuid de Chomhpháirt 3.3), athchóiriú a mheastar go mbeidh sé ina chuidiú i dtaobh aghaidh a thabhairt ar Mholadh 3.1 ó 2023 agus Moladh 3.1 ó 2022. Áirítear leis an athchóiriú nua gníomhaíochtaí arb é is aidhm dó rollú liachleachtóirí ginearálta agus intéirneach a mhéadú d’fhonn cumhdach iomlán daonra agus clárú daonra a bhaint amach.

- (37) Leis an gcaibidil REPowerEU, tugtar isteach bearta nua a chuireann leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú (Moladh 4 ó 2023 agus Moladh 4 ó 2022). Is é is aidhm do bhearta athchóirithe nua úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú tuilleadh tríd an gcreat dlíthiúil d'fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta a chur i gcrích agus creataí reachtacha nua a chur i bhfeidhm chun hidrigin in-athnuaite agus bithmheatán a tháirgeadh. Tacaíonn bearta infheistíochta nua leis an méadú ar acmhainneachta stórála agus táirgeadh díláraithe an fhuinnimh inathnuaite. Ina theannta sin, leithdháiltear tacaíocht bhreise chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh teaghlach, lena n-áirítear tacaíocht spriocdhírithe do theaghlaigh fhuinneamhbhochta, agus don earnáil phríobháideach.
- (38) Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe leis na míchothromaíochtaí sa Ghréig a cheartú, mar a shainítear sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 sa tréimhse 2019-2023, go háirithe maidir le fiachas ard rialtais agus stoc ard d'iasachtaí neamhthuillmheacha i gcomhthéacs dífhostaíocht ard, chomh maith le staid sheachtrach meathlaithe.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

- (39) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (rátaíl A) ag an bplan téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Gréige a neartú, lena gcuirfear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

- (40) Tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ag cur fós leis an gcomhtháthú sóisialta. Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe bearta suntasacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta sheanbhunaithe, lena n-áirítear inrochtaineacht íseal seirbhísí cúraim sláinte, an difhostaíocht atá fós ard agus an bhochtaineacht fuinnimh. Leis an athchóiriú nua ar an gcóras cúraim phríomhúil sláinte (dochtúir pearsanta), táthar ag súil go méadófar an rochtain ar chúram sláinte, go laghdófar neamhionannais, agus go gcuirfear cosc ar ghalair chun cinn. Faoi chaibidil REPowerEU, táthar ag súil go dtacóidh na hathchóirithe fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe agus na hinfheistíochtaí móra i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus acmhainneachtaí stórála fuinnimh leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an bhfostaíocht i réimse leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha, agus iad ag cuidiú ag an am céanna le deireadh a chur leis an mbochtaineacht fuinnimh. Leis an infheistíocht nua ar an réamhchigireacht ar fhrithsheasmhacht sheismeach scoileanna, ollscoileanna, ospidéal, stáisiúin phóilíneachta agus stáisiúin dóiteáintáthar ag súil go gcuirfear feabhas ar bhainistiú géarchéime agus maolú guaise agus athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a mhéadú. Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach eacnamaíoch agus sóisialta ag an athchóiriú ar an gCadastar Heilléanach trí chearta agus teidil shoiléire maoine agus córas éifeachtach clárlainne talún a sholáthar, rud a éascóidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le hidirbhearta eastáit réadaigh agus a chuirfidh infheistíochtaí príobháideacha chun cinn.
- (41) Leis an méadú ar raon feidhme bheart um Shaoráide Iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, táthar ag súil go gcuirfear borradh faoin bhfás agus faoi chruthú post trí infheistíochtaí príobháideacha fadtéarmacha san aistriú glas agus san aistriú digiteach i measc réimsí eile a mhaoiniú.

- (42) Meastar go gcuideoidh na bearta sin le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a formhuiníodh ag Cruinniú Mullaigh Porto an 7 Bealtaine 2021 a bhaint amach agus meastar go gcuirfidh siad le feabhas a chur ar leibhéil tháscairí an Scórchláir Shóisialta.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

- (43) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiríteoidh leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart (rátaíl A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

¹ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

- (44) Leis an bplean modhnaithe, lena n-áirítear comhpháirt 19 nua (caibidil REPowerEU), déantar measúnú ar chomhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa treoir theicniúil dá bhforáiltear san Fhógra ón gCoimisiún dar tedieal ‘Treoir theicniúil maidir le ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹ (‘an Treoir Theicniúil DNSH’). Ní éilítear maolú DNSH le ceann ar bith de na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Déantar an measúnú go córasach le haghaidh gach athchóiriú agus infheistíocht mhodhnaithe de réir an chur chuige dhá chéim. Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach maidir le gach beart modhnaithe nó, i gcás ina sainaithnítear riosca, déantar measúnú mionsonraithe lena léirítear nach ndearnadh dochar suntasach. Chuir an Ghréig measúnú mionsonraithe ar fáil ar na bearta nua a bhaineann le gabháil carbóin, hidrigin in-athnuaite agus bithmheatán. I gcás inar gá, tá ceanglais mheasúnú ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ cumhdaithe i ndearadh birt agus sonraítear iad i ngarsprioc nó i sprioc de chuid an bhirt seo. Mar shampla, i gcás hidrigine, cuireadh coimircí sonracha isteach i ndáil leis na tíopeolaíochtaí táirgthe atá le maoiniú, mar aon le tagairt shonrach do hidrigin a bheith ‘in-athnuaite’ agus bithmheatán a bheith ‘inbhuanaithe’ i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² (an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite) agus lena gníomhartha tarmlichte. Maidir leis an infheistíocht chun teicneolaíochtaí CCS a chur chun cinn chun dícharbónú tionscail a chothú, táthar ag súil go n-áireofaí le coimircí sonracha go gcomhlíonfar Treoir Theicniúil DNSH agus an dlí AE is infheidhme maidir le tógáil an bhonneagair iompair. Maidir le tionscnamh na gabhála CO₂ agus CO₂ a iompraíodh, beidh sé i gcomhréir leis na ceanglais DNSH lena n-eisiatar CO₂ a thagann as úsáid breoslaí iontaise nó astaitheoirí lasmuigh de thagarmharc CTA, lena áirithiú nach dtabharfar tacaíocht do bhreoslaí iontaise. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

¹ IO C 58, 18.2.2021, lch.1.

² Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

- (45) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátaíl A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.
- (46) Rannchuidíonn na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU le cuspóirí Airteagal 21c(3), pointí (b), (c), (d) agus (e), de Rialachán (AE) 2021/241 ós rud é gurb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht fuinnimh na Gréige a mhéadú, a tionscal a dhícharbónú, táirgeadh bithmheataín agus hidrigine in-athnuaite a mhéadú, agus dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh, laghdú an éilimh ar fhuinneamh a dhreasú, agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní inmheánacha agus trasteorann ar tharchur agus ar dháileadh fuinnimh, tacú le stóráil leictreachais agus dlús a chur le comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh.

- (47) I ndáil le cuspóir Airteagal 21c(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, áirítear ar na bearta atá beartaithe: (a) sraith infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh arb é is aidhm dóibh na cláir athchóirithe atá ann cheana faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta a mhéadú agus gníomhaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn i bhfóntais chathracha uisce agus séarachais, mar aon le suiteáil téitheoirí uisce gréine i bhfoirgnimh chónaithe agus le suiteáil fhótavoltach gréine le haghaidh uath-ídiú agus úsáid san earnáil talmhaíochta; agus (b) athchóiriú chun treochlár a leagan amach maidir le hidirghabhálacha nuálacha éifeachtúlachta fuinnimh agus ionstraimí airgeadais nua a shainaithint chun na críche sin. Maidir le dícharbónú an tionscail agus táirgeadh bithmheatáin agus hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn, molann an Ghréig (a) creat oibríochta rialála agus margaidh a bhunú le haghaidh teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin (GSC); (b) creat scéime ceadúnaithe agus tacaíochta a fhorbairt le haghaidh bithmheatáin agus hidrigin in-athnuaite; (c) infheistíocht i dtreoirthionscadail le haghaidh táirgeadh bithmheatáin agus hidrigine in-athnuaite agus (d) teicneolaíochtaí GSC a chur chun cinn. Ar deireadh, maidir le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, áirítear an méid seo a leanas sa chaibidil: (a) méadú ar infheistíocht chun acmhainneacht stórála leictreachais a mhéadú sa Ghréig, ar infheistíocht í a mheastar go n-éascófar léi méadú ar acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite ar fud na tíre; (b) athchóiriú chun úsáid na talún agus an spáis mhara a bharrfheabhsú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt agus an creat reachtach le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a tosaíodh cheana laistigh de phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur i gcrích; (c) athchóiriú chun acmhainn eangach agus stórála a chothú sa Ghréig; (d) athchóiriú chun teicneolaíochtaí agus cleachtais chliste eangach a chur chun cinn i margadh leictreachais na Gréige, agus (e) athchóiriú arb é is aidhm dó creat reachtach níos iomláine a fhorbairt agus uirlisí beartais éagsúla a chur ar bun chun pobail comhroinnte fuinnimh, uath-ídithe choitinn agus fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn.

- (48) I gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, tugtar aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh trí dhá athchóiriú nua agus trí mhéadú ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe. Thug an Ghréig sraith uirlisí beartais isteach chun pobail uath-ídithe choitinn, comhroinnte fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, a bhfuiltear ag súil go gcuirfear chun cinn leo úsáid níos mó a bhaint as táirgeadh, ídiú agus comhroinnt fuinnimh in-athnuaite díláraithe. Ina theannta sin, is é is aidhm don athchóiriú ar idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh, *inter alia*, cur chuige spriocdhírithe a bhunú (lena n-áirítear cláir bheartais a dhearadh) le haghaidh coigilteas fuinnimh níos mó do theaghlaigh fhuinneamhbhochtacha agus do ghrúpaí sóisialta leochaileacha. Ar deireadh, cuid de na hidirghabhálacha atá tíosach ar fhuinneamh ba cheart iad a dhíriú ar athchóirithe le haghaidh teaghlaigh ísealioncaim, mar a bhí i gcás an chéad chláir athchóirithe fuinnimh sa phlean.
- (49) Ní mór an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú trí na hinfeistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh thuasluaite arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe, rud a mbeadh de thoradh air go ndéanfaí laghdú fiúntach ar an éileamh ar fhuinneamh le haghaidh téimh, fuaraithe agus uisce te intíre. Táthar ag súil go gcuirfidh an infheistíocht a bhaineann le fónais chathracha uisce agus séarachais leis an gcuspóir atá i gceist freisin. Ar deireadh, leis an athchóiriú thuasluaite, arb é is aidhm dó treochlár a leagan amach le haghaidh idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh, meastar go gcuirfear le dearadh clár náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh amach anseo nár cheart dóibh bheith ag brath ar thacaíocht neamh-inaisíoctha amháin, rud a chuirfidh le tuilleadh coigilteas fuinnimh féideartha.
- (50) Áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe freisin bearta arb é is aidhm dóibh stóráil leictreachais a fheabhsú, i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241. Áirítear i gcaibidil REPowerEU méadú ar infheistíocht chun acmhainneacht stórála fuinnimh a mhéadú sa Ghréig. Áirítear athchóiriú freisin chun infheistíochtaí san eangach leictreachais a chur chun cinn agus a éascú agus chun acmhainneacht stórála a mhéadú.

- (51) Táthar ag súil go rannchuideoidh na bearta thuas go léir le cuspóirí REPowerEU ar bhealach atá comhsheasmhach le agus a chomhlánaíonn roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí eile sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, go príomha faoi chomhpháirteanna 1.1 go 1.3, agus faoi thionscnaimh náisiúnta eile nó faoi chláir arna cistiú ag an Aontas amhail cláir arna gcómhchistiú ón mBeartas Comhtháthaithe agus ó na Cistí um Aistriú Cóir (e.g. Athbheochan na gCríoch um Aistriú Cóir).
- (52) Dá bhrí sin, táthar ag súil go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go mór (rátaíl A) éifeachtach leis an gcuspóir, toisc go bhfuiltear ag súil go ndíreofar í ar infheistíochtaí agus ar athchóirithe arb é is aidhm dóibh dul i ngleic le níos mó ná cuspóir REPowerEU amháin.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

- (53) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta mór (rátaíl A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.
- (54) Tá gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint le gach beart i gcaibidil REPowerEU. Táthar ag súil go rannchuideoidh na bearta i gcaibidil REPowerEU go díreach le foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Mar thoradh air sin, rannchuidíonn siad leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, le solúbthacht a fhorbairt i mbainistiú fuinnimh agus le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas ina iomláine, agus, dá bhrí sin, féadfar a mheas go bhfuil éifeacht dhearfach trasteorann acu i gcomhréir le treoir an Choimisiúin i gcomhthéacs REPowerEU.

- (55) Is é EUR 795 000 000 costais iomlána na mbeart a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo, suim a chomhfhreagraíonn do 100 % de chostas measta chaibidil REPowerEU.
- (56) Táthar ag súil go gcuirfear borradh faoi tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite leis na bearta a áirítear i gCaibidil REPowerEU, rud a rannchuideoidh le honnmhairí fuinnimh ghlain chuig áiteanna eile san Aontas. Mar an gcéanna, táthar ag súil go leis na bearta chun méadú ar dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus chun an tionscal a dhícharbónú, go gcuirfear le hiarrachtaí dícharbónaithe an Aontais. Táthar ag súil go gcuirfidh siad sin leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil éifeacht dhearfach trasteorann ag baint leo.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht

- (57) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU a rannchuidíonn cuid mhór (rátaíl A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, tá suim airgid ag gabháil leo is ionann agus 38.1 % de leithdháileadh iomlán an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus 78.1 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

- (58) Coinnítear bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena dtacaítear leis an aistriú glas a rannchuidíonn le spriocanna 2030-2050 a bhaint amach agus leis an gcuspóir aeráidneodracht an Aontais a bhaint amach faoi 2050, agus cothaítear an bhithéagsúlacht leis freisin. Mar shampla, tá méadú mór tagtha ar uailmhian an bhirt maidir le hathfhoraóisiú agus athchóiriú (16849) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe .
- (59) Sa bhreis ar na bearta sa chéad phlean téarnaimh agus athléimneachta, le bearta i gcaibidil REPowerEU na Gréige déantar laghdú suntasach ar dhéine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear sa Ghréig agus rannchuidíonn siad le spriocanna 2030-2050 agus cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus ar an gcaoi sin rannchuidíonn siad go dearfach leis an aistriú glas. Is é is aidhm do na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa chaibidil seo bearta coigilte fuinnimh a dhreasú, soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear uirlisí beartais a bhunú chun pobail comhroinnte fuinnimh, uath-ídithe choitinn agus fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. Ina theannta sin, cumhdaítear le bearta REPowerEU infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh acmhainneacht stórála leictreachais a neartú agus athchóiriú chun teicneolaíochtaí agus cleachtais chliste eangach a chur chun cinn i margadh leictreachais na Gréige. Cuireann na bearta sin go léir leis an aistriú glas sa Ghréig ar bhealach dearfach tríd an éileamh ar fhuinneamh a laghdú, trí éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus tríd an aistriú ó fhoinsí ard-astaithe fuinnimh go foinsí in-athnuaite fuinnimh a luathú.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

- (60) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuireann go mór leis an aistriú digiteach nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é 21.1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

- (61) Tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe fós ag cur leis an aistriú digiteach nó tá siad ag cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán ghaolmhara agus le haghaidh a thabhairt ar easnaimh na Gréige sa réimse digiteach mar a shainítear san Innéacs don Gheilleagar Digiteach agus don tSochaí Dhigiteach (DESI). Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, tá aghaidh á tabhairt go mór i gcónaí ar na dúshlán maidir le leis an aistriú digiteach atá le déanamh ag an nGréig i réimsí na nascachta, na seirbhísí poiblí digiteacha, an chaipitil dhaonna agus na scileanna digiteacha, digitithe gnólachtaí agus ghlacadh na hardteicneolaíochta digití.

Tionchar buan

- (62) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (rátaíl A) ag an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an nGréig.
- (63) Leis na bearta nua agus modhnaithe a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe comhlánaítear na bearta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh agus meastar go mbeidh tionchar struchtúrach buan acu, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar fheidhmiú institiúidí na Gréige agus trí athléimneacht a mhéadú.

- (64) Is é is aidhm do na hathchóirithe nua a cuireadh leis aghaidh a thabhairt ar ghanntanas dochtúirí pearsanta chun feabhas a chur ar rolladh amach iomlán an athchóirithe ar an gcúram príomhúil sláinte, ar ioncam agus dreasachtaí cánach a fheabhsú, agus ar athchóiriú an chadastair a chríochnú. Is athchóirithe de chineál struchtúrach iad sin lena neartaítear riarachán agus institiúidí na Gréige. Táthar ag súil freisin go mbeidh tionchar dearfach fadtéarmach ag cuimsiú na caibidle nua REPowerEU trí dhlús a chur leis an aistriú glas agus slándáil fuinnimh a áirithiú.
- (65) Díritear infheistíochtaí nua ar chosc seismeach agus athléimneacht an bhonneagair a mhéadú i ndiaidh tubaistí nádúrtha, agus tugtar tacaíocht leo don athchóiriú agus don athfhoraoisiú, rud a chuireann le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an chomhshaoil dá bhrí sin. Táthar ag súil go mbeidh tionchar sóisialta níos leithne ag bearta lena dtugtar aghaidh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar thacaíocht d'athchóiriú na tithíochta. Ina theannta sin, leis an méadú suntasach ar raon feidhme Shaoráid Iasacht an phlean téarnaimh agus athléimneachta, táthar ag súil go ndéanfar méadú mór an infheistíocht, agus go mbeidh tionchar dearfach agus buan ar éileamh agus ar aschur fadtéarmach.

Faireachán agus cur chun feidhme

- (66) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

- (67) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Go sonrach, is í Gníomhaireacht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta an struchtúr a bhfuil an cúram uirthi fós laistigh den Ghréig faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme. Maidir le caibidil REPowerEU, sannadh an Aireacht Comhshaoil agus Fuinnimh mar an Aireacht inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart nua. Ina theannta sin, tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe agus nua, lena n-áirítear na cinn atá i gcaibidil REPowerEU, soiléir agus réalaióch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir. Tá garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Is gá na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh ar eisíocaíocht.

Costáil

- (68) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá an réasúnú a thugtar sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, measartha réasúnta agus inchreidte (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cos-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

- (69) An réasúnú arna sholáthar ag an nGréig maidir le méid chostais mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta, bhí sé measartha réasúnta, inchreidte, i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta ar an ngeilleagar. Sholáthair an Ghréig faisnéis agus fianaise leordhóthanach nach raibh na costais measta cumhdaithe le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Rinne Bord Náisiúnta Táirgiúlachta na Gréige na meastacháin chostais a bhailíochtú. I líon teoranta cásanna, áfach, níorbh fhéidir bunús leordhóthanach a thabhairt le meastacháin ar chostais. Ar an iomlán, údaraíonn sé sin rátáil B faoi chritéar measúnaithe Airteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (70) Soláthraíodh miondealú mionsonraithe ar an gcostas measta in aghaidh an bhirt, agus bhí an mhodheolaíocht chostála éagsúil ar fud na mbeart agus ba é an cur chuige ón mbun aníos an ceann is forleithne. I gcás fhormhór na mbeart, meastar go bhfuil na costais réasúnta, inchreidte agus cost-éifeachtúil. Tá méid chostais measta iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir freisin leis an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch a mheastar a bheidh ag na bearta atá beartaithe agus is leor na húdair a thugtar leis an measúnú costais i gcoitinne. I gcás líon teoranta measúnuithe costais, sháraigh na costais measta an raon costais a socraíodh de réir tionscadail inchomparáide go méid measartha. Rinne sainchomhairleoir seachtrach measúnú ar an gcostas agus rinne Bord Náisiúnta Táirgiúlachta na Gréige é a bhailíochtú. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

- (71) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, is leormhaith (rátáil A) iad chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar cistiú dubailte ón tSaoráid agus ó chlár eile an Aontais ar bhealach éifeachtach leis na socruithe. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.¹
- (72) Sa mheasúnú bunaidh, measadh go raibh na socruithe a bhfuil tuairisc orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leordhóthanacha (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoi Rialachán (AE) 2021/241.

¹ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

(73) Léirítear leis an gcóras bainistíochta agus rialaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe próisis agus struchtúir láidre, i gcás ina sainítear na ról agus na freagrachtaí go soiléir, i gcás agus ina ndéantar na feidhmeanna rialaithe ábhartha a dheighilt go hiomchuí chun cúraimí rialaithe inmheánaigh a dhéanamh. Déanann Gníomhaireacht na Saoráide um Théarnamh agus Athléimneacht a faireachán ar an dul chun cinn agus fíoraíonn sí baint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna. Rinneadh an socrú reachtach is gá sa struchtúr eagraíochtúil chun aonad tiomnaithe a bhunú laistigh den Ard-Stiúrtóireacht um Iniúchtaí ar Chláir Chómhaoinithe, faoin gCoiste Iniúcháireachta Airgeadais ('EDEL'). Soláthraíodh sainordú EDEL¹ maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar bhearta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i ngníomh náisiúnta tiomnaithe don phlean téarnaimh agus athléimneachta agus bunaíodh poist foirne thiomnaithe bhreise. Leis an gcóras bainistíochta agus rialaithe, déantar foráil maidir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun comhlíonadh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme a áirithiú, chun leibhéal leordhóthanach rialaithe a áirithiú ar mhaithe le héilliú, calaois agus coinbhleacht leasa arna sainaithint agus cistí ón tSaoráid Téarnamh agus Athléimneachta arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/241 ('an tSaoráid') á n-úsáid a chosc, a bhrath agus a cheartú agus chun cistiú dubailte ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chláir eile de chuid an Aontais a sheachaint. Ar deireadh, áirithítear le córas bainistíochta agus rialaithe na Gréige go mbeidh na sonraí maidir le faighteoirí deiridh, a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, stóráilte go leordhóthanach agus go slán ar Chóras Faisnéise Bainistíochta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, rud a chuireann leis na hiarrachtaí cosc a chur ar aon mhí-úsáid a bhaint as na cistí a sholáthraítear ón tSaoráid.

¹ Airteagal 189 de Dhlí 4820/2021 (Iris an Rialtais, Sraith I, Uimh. 130), Airteagal 11 de Dhlí 4314/2014 (GG I 265).

Comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta

- (74) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, cuimsítear go mór (rátaíl A) sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.
- (75) Tá na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i ngach comhpháirt den phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe comhsheasmhach i gcónaí agus treisíonn siad a chéile, agus is ann do shineirgí agus do chomhlántachtaí idir na comhpháirteanna. Ina theannta sin, tá caibidil REPowerEU i gcomhréir go hiomlán leis na bearta a áirítear faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh chun tacú leis an aistriú glas agus treisítear léi an uaillmhian atá i gcuid acu, mar shampla, tá cur chun cinn na n-idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh agus na dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite le haghaidh uath-ídiú nasctha le hinfheistíochtaí agus athchóirithe éagsúla chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus chun an éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus i bhfontair chónaithe a fheabhsú. Tá caibidil REPowerEU bunaithe ar phacáiste comhsheasmhach d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí araon a threisíonn a chéile.

- (76) Mhínigh an Ghréig go bhfuiltear ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag roinnt beart a cuireadh leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear faoi chaibidil REPowerEU, ar chuimsiú socheacnamaíoch agus ar chomhdheiseanna do chách. Leis an athchóiriú maidir le dochtúirí pearsanta a tugadh isteach, meastar go méadófaí líon na ndochtúirí pearsanta chun gníomhú mar an chéad phointe teagmhála, chun cúram sláinte príomhúil a sholáthar, agus chun cuidiú le saoránaigh a mbealach a dhéanamh tríd an gcóras sláinte, agus ar an dóigh sin rochtain ar chúram sláinte agus ar chomhdheiseanna a chur chun cinn do chách. Cuimsítear i gcaibidil REPowerEU gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh rannchuidiú le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh. Go sonrach, tugtar isteach agus comhlánaítear dhá athchóiriú nua na hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe a mhéadú. Táthar ag súil leis na hathchóirithe go mbunófar sraith uirlisí beartais chun pobail uath-ídithe choitinne, comhroinnte fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, a bhfuiltear ag súil go mbeidh costais fuinnimh níos ísle ar theaghlaigh fhuinneamhbhocht mar thoradh orthu. Ina theannta sin, táthar ag súil go ndíreofar an beart infheistíochta maidir le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh go sonrach ar theaghlaigh ísealioncaim, mar a bhí le beart a bhí ina chuid den phlean bunaidh.

An próiseas comhairliúcháin

- (77) Mar ullmhúchán don phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, sheol údaráis na Gréige próiseas comhairliúcháin phoiblí ghinearálta maidir le prionsabail an phlean athbhreithnithe. Bhí an próiseas comhairliúcháin phoiblí ar siúl idir an 31 Iúil agus an 14 Lúnasa 2023 agus cuireadh naoi mbarúil ar an iomlán isteach. Ina plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, leagann an Ghréig amach an dóigh ar léiríodh na barúlacha éagsúla sa phlean athbhreithnithe. Ina theannta sin, rinneadh próiseas comhairliúcháin ar leith le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na Gréige a chuir aiseolas i scríbhinn isteach a bhreithnigh údaráis na Gréige agus a phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe á thabhairt chun críche aige.

Measúnú dearfach

- (78) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart go leagfar amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais agus iasachta neamh-infíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Ranníocaíocht airgeadais

- (79) Is é EUR 36 612 904 139 costais mheasta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Gréige lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ghréig, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Gréige lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil don phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU. EUR 17 426 708 153 atá sa mhéid sin.

- (80) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 31 Lúnasa 2023 chuir an Ghréig iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 794 821 929 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) den Rialachán sin a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Ghréig, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Liotuáin cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 768 069 923 atá sa mhéid sin.
- (81) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, an 1 Márta 2023, chuir an Ghréig iarraidh réasúnaithe isteach chun cuid dá raibh fágtha dá leithdháileadh sealadach a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, is é sin suim dar luach EUR 25 600 000. Ba cheart an tsuim sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise.
- (82) Is é EUR 18 220 378 076 an ranníocaíocht airgeadais iomlán ba cheart a bheith ar fáil don Ghréig.

¹ Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

- (83) Ina theannta sin, chun tacú le hinfheistíochtaí príobháideacha breise sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, d'iarr an Ghréig tacaíocht iasachta bhreise dar luach EUR 5 000 000 000 ar an iomlán, go háirithe chun Saoráid Iasachta na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a fhorlíonadh (beart 16980). Is mó uasmhéid na hiasachta a d'iarr an Gréig ná 6.8 % d'ollioncam náisiúnta na tíre le haghaidh 2019 i bpraghsanna reatha. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Ghréig, lena n-áirítear an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta, an tacaíocht iasachta, agus caibidil REPowerEU atá comhdhéanta den ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus na hacmhainní ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit. Is féidir údar a thabhairt i gcúinsí eisceachtúla le go bhfuil uasmhéid na hiasachta a d'iarr an Gréig níos mó ná 6.8 % d'ollioncam náisiúnta na tíre do 2019 i bpraghsanna reatha. Go sonrach, tá méadú suntasach tagtha ar na rátaí úis do Bhallstáit uile an limistéir euro, ach tá costais um maoiniú níos airde ar an nGréig i gcomparáid le Ballstáit eile de chuid an limistéir euro, a aistríonn go rátaí arda corparáideacha, go háirithe do fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Le costais um maoiniú níos ísle an tSaoráid Iasachta na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, éascaítear rochtain níos fearr ar mhaoiniú do chuideachtaí atá rannpháirteach sa scéim. Ina theannta sin, léiríodh leSaoráid Iasachta na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta creat oibríochtúil dea-fheidhmiúil, coimircí láidre, dul chun cinn an-mhaith maidir le cur chun feidhme, agus éileamh méadaithe.

¹ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas um lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Réamh- mhaoiniú REPowerEU

- (84) D'iarr an Ghréig an maoiniú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: aistriú EUR 25 600 000 ón leithdháileadh sealadach ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 768 069 923 ón ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE.
- (85) I gcás na suimeanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 31 Lúnasa 2023 d'iarr an Ghréig réamh-mhaoiniú dar luach EUR 158 733 985, is é sin 20 % den chistiú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Ghréig faoi réir theacht i bhfeidhm, agus de réir comhaontú atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Ostair de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (86) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghréig mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Gréige a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

- (2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Ghréig i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta dar luach EUR 18 220 378 076*. Áirítear ar an ranníocaíocht sin:

- (a) beidh suim EUR 13 515 279 418 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

- (b) beidh suim eile EUR 3 911 428 735 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;
 - (c) suim EUR 768 069 923^{**}, i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (b) go (f) den Rialachán sin;
 - (d) suim EUR 25 600 000, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.
2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Ghréig i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 2 310 092 538 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear suim EUR 158 733 985 ar fáil mar réamh- mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht cistiúcháin.’;

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Gréige de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

** Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Gréige de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

(3) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

- ‘1. Cuirfidh an tAontas iasacht dar luach EUR 17 727 538 920 ar a mhéad ar fáil don Ghréig, a mbeidh suas le EUR 5 000 000 000 de ina iasacht bhreise i ndiaidh na hiarrata ar thacaíocht iasachta an 31 Lúnasa 2023.
2. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht iasachta dá dtagraítear in mír 1 ar fáil don Ghréig i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 1 654 580 060 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht cistiúcháin.’;

(4) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne:

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an bPoblacht Heilléanach.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
